AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA

SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2002

---

# GAEILGE - GNÁTHLEIBHÉAL

# PÁIPÉAR II

**(110 marc)**

---

**DÉ hAOINE, 7 MEITHEAMH – MAIDIN 9.30 go dtí 11.50**

---

(Ní mór do na hiarrthóirí cúram a dhéanamh de chruinneas na teanga. Caillfear marcanna trí bheith faillíoch ann.)

**Roinn A (Cúrsa Ainmnithe) nó Roinn B (Cúrsa Roghnach) a fhreagairt. (Ceist 1 agus Ceist 2 a fhreagairt i Roinn A nó i Roinn B.)**

---

| ROINN A | - CÚRSA AINMNITHE - |
|---|---|

**Ceist 1 <u>agus</u> Ceist 2 a fhreagairt anseo.**

| CEIST 1 | - PRÓS AINMNITHE - | [55 mharc] |
|---|---|---|

**Freagair (a) <u>agus</u> (b) anseo.**

**(a)** (i) "Phós Lear Aoife go gearr ina dhiaidh sin agus thug chun an bhaile leis í." *(Clann Lir)*

Tabhair **cuntas** ar ar tharla ina dhiaidh sin sa scéal go dtí go ndeachaigh Clann Lir go hIorras Domhnann. (25 mharc)

(ii) Cén sórt duine í Fionnuala, dar leat? Déan cur síos **gairid** uirthi agus inis cén fáth ar thaitin (<u>nó</u> nár thaitin) sí leat. (Is leor **dhá** fháth.) (10 marc)

**<u>NÓ</u>**

(i) "*Micil:* As ucht Dé ort, a Shéamais, agus éist leis an éan sin, nó an gceapann tú go dtuigeann sé thú?

*Séamas:* Á, mhuis, ní raibh mé ach ag caint leis. Shíl mé go raibh tú i do chodladh."
*(An Lasair Choille)*

Tabhair **cuntas** ar Mhicil ón eolas atá sa dráma seo faoi. (25 mharc)

(ii) Cén phearsa (carachtar), Séamas <u>nó</u> Míoda, is mó a raibh trua agat dó/di sa dráma seo? Déan cur síos **gairid** air/uirthi. Cuir fáthanna le do fhreagra. (Is leor **dhá** fháth.) (10 marc)

**(b)** Maidir leis na trí shaothar eile, *Fiosracht Mhná, Amuigh Liom Féin* agus *Gafa* (a ndearna tú staidéar orthu i rith do chúrsa), roghnaigh **saothar amháin** díobh a bhfuil **ceann amháin** de na *téamaí* seo a leanas i gceist ann agus tabhair cuntas **gairid** ar a bhfuil sa saothar faoin *téama* atá roghnaithe agat.

| | | |
|---|---|---|
| cruachás (nó fearg) | greann | óige (nó seanaois) |
| tuismitheoirí (nó gaolta eile) | grá (nó fuath) | brón (nó díomá) |

(20 marc)

**<u>NÓ</u>**

Maidir leis na trí shaothar eile, *Fiosracht Mhná, Amuigh Liom Féin* agus *Gafa* (a ndearna tú staidéar orthu i rith do chúrsa), roghnaigh **saothar amháin** díobh agus tabhair **cuntas gairid** ar **dhá** rud ann a thaitin (<u>nó</u> nár thaitin) leat. (20 marc)

| CEIST 2 | - FILÍOCHT AINMNITHE - | [55 mharc] |
|---|---|---|

**Freagair (a) <u>agus</u> (b) anseo.**

**(a)** (i) Inis, **i d'fhocail féin**, cad is téama don dán *Chlaon mé mo Cheann* (thíos). (10 marc)

(ii) Déan cur síos, **i d'fhocail féin**, ar **dhá** íomhá (phictiúr) a chuireann an file os ár gcomhair sa dán seo. (8 marc)

(iii) *" Chlaon mé mo cheann…*
*Ar eagla go bhfeicfinn*
*An strainséir sa doras*
*Is go ngéillfinn don racht*
*In mo chléibh."*

Cad atá i gceist ag an bhfile leis an gcaint sin, dar leat? (7 marc)

(iv) Ar thaitin an dán seo leat?
Cuir fáthanna le do fhreagra. (Is leor **dhá** fháth.) (10 marc)

**Chlaon Mé Mo Cheann**

Chlaon mé mo cheann
Ar eagla go ndearcfainn
An teach ar tógadh mé ann.
Ar eagla go bhfeicfinn
Mo mháthair sa doras
Agus í ag fanacht go himníoch liom,
Nó m'athair ag pilleadh
Tráthnóna le fonn.

Chlaon mé mo cheann
Ar eagla go scilfeadh
Gach bliain a scéal,
Ar eagla go bhfeicfinn
An strainséir sa doras
Is go ngéillfinn don racht
In mo chléibh.

**<u>nó</u>**

(i) Cad é an mothúchán is mó sa dán *Treall* (thíos)? Cuir fáthanna le do fhreagra. (Is leor **dhá** fháth.) (10 marc)

(ii) Cén fáth a bhfuil "casúr nó tua" ag teastáil ón bhfile sa chéad véarsa agus "na cláir is na tairní" ag teastáil uaithi sa dara véarsa? (8 marc)

(iii) An dóigh leat go bhfuil *Treall* oiriúnach mar theideal ar an dán seo?
Cuir fáth **amháin** le do thuairim. (7 marc)

(iv) An maith leat an dán seo?
Cuir fáthanna le do fhreagra. (Is leor **dhá** fháth.) (10 marc)

**Treall**

Tabhair dom casúr
nó tua
go mbrisfead,
is go millfead
an teach seo,
go ndéanfad tairseach
den fhardoras
'gus urláir de na ballaí,
go dtiocfaidh scraith
agus díon, agus
similéir anuas
le neart mo chuid
allais …

Sín chugam anois
na cláir is na tairní
go dtóigfead
an teach eile seo…

Ach, a Dhia, táim tuirseach!

**(b)** Maidir leis an dán *Faoileán* (thíos), roghnaigh *mothúchán* **amháin** as an liosta seo a leanas agus tabhair cuntas **gairid** ar a bhfuil sa dán faoin *mothúchán* sin atá roghnaithe agat.

| | | | |
|---|---|---|---|
| meas (nó dímheas) | déistin (míshásamh) | brón (nó trua) | |
| fearg (nó uafás) | díomá | éadóchas | (20 marc) |

**NÓ**

Maidir leis an dán *Faoileán* (thíos), tabhair cuntas **gairid** ar phríomhsmaointe an dáin **agus** ar íomhá (phictiúr) **amháin** nó ar mheafar **amháin** sa dán sin a thaitin (nó nár thaitin) leat.

(20 marc)

**Faoileán**

Thíos ar an trá
is an mhaidin ag pléascadh sa chuan,
braithim an bás
an púca im thimpeall go buan:
féach an faoileán uaibhreach
ina bhrúscar ar charraig dhubh,
cloisim amhrán uaigneach
i saoirse na farraige.

Bhíodh sé ar snámh
go hard os cionn tonnta ba bhán,
leath a sciatháin
ó Bheanntraí go Dún na nGall
ach tháinig an bád ola seo
trasna na farraige
is líon sé an cuan cuachach
le fual lucht an airgid.

Féach an faoileán uaibhreach
ina bhrúscar ar charraig dhubh,
cloisim amhrán uaigneach
i saoirse na farraige.

| ROINN B | - CÚRSA ROGHNACH - |
|---|---|

**Ceist 1 <u>agus</u> Ceist 2 a fhreagairt anseo.**

| CEIST 1 | - PRÓS ROGHNACH- | [55 mharc] |
|---|---|---|

**Freagair (a) <u>agus</u> (b) anseo.**

**(a)** (i) Maidir le scéal béaloidis (a ndearna tú staidéar air i rith do chúrsa), tabhair **cuntas** ar na príomhimeachtaí (príomhrudaí) a tharla sa scéal sin. (23 mharc)

<u>[Ní mór teideal an scéil sin mar aon le hainm an údair a scríobh síos go soiléir.]</u> (2 mharc)

(ii) Cén phearsa (carachtar)sa scéal béaloidis sin is mó a thaitin leat? Déan cur síos **gairid** air/uirthi agus inis cén fáth ar thaitin sé/sí leat. (Is leor **dhá** fháth.) (10 marc)

**<u>NÓ</u>**

(i) Maidir leis an sliocht as dráma (a ndearna tú staidéar air i rith do chúrsa), tabhair **cuntas** ar an téama atá sa dráma sin. (23 mharc)

<u>[Ní mór teideal an dráma sin mar aon le hainm an údair a scríobh síos go soiléir.]</u>
(2 mharc)

(ii) Déan cur síos **gairid** ar phearsa (charachtar) sa dráma sin a chuir áthas (<u>nó</u> brón <u>nó</u> fearg) ort agus inis cén fáth ar mhúscail sé/sí an mothú sin ionat. (10 marc)

**(b)** Maidir leis na saothair eile (a ndearna tú staidéar orthu i rith do chúrsa) **<u>agus nár úsáid tú i gcuid (a) thuas</u>**, roghnaigh **saothar amháin** díobh a bhfuil **ceann amháin** de na *téamaí* seo a leanas i gceist ann agus tabhair cuntas **gairid** ar a bhfuil sa saothar faoin *téama* atá roghnaithe agat.

| | | | |
|---|---|---|---|
| cruachás (nó fearg) | greann | óige (nó seanaois) | |
| tuismitheoirí (nó gaolta eile) | grá (nó fuath) | brón (nó díomá) | (18 marc) |

<u>[Ní mór teideal an tsaothair sin mar aon le hainm an údair a scríobh síos go soiléir.]</u> (2 mharc)

**<u>NÓ</u>**

Maidir leis na saothair eile (a ndearna tú staidéar orthu i rith do chúrsa) agus **<u>nár úsáid tú i gcuid (a) thuas</u>**, roghnaigh **saothar amháin** díobh agus tabhair **cuntas gairid** ar **dhá** phearsa (charachtar) ann, pearsa (carachtar) amháin a thaitin leat agus pearsa (carachtar) amháin nár thaitin leat. (18 marc)

<u>[Ní mór teideal an tsaothair sin mar aon le hainm an údair a scríobh síos go soiléir.]</u> (2 mharc)

| CEIST 2 | - FILÍOCHT ROGHNACH - | [55 mharc] |
|---|---|---|

**Freagair (a) <u>agus</u> (b) anseo.**

**(a)** (i) Maidir le dán nua-aimseartha **amháin** a chum **<u>fear</u>** (agus a ndearna tú staidéar air i rith do chúrsa), inis **i d'fhocail féin**, cad is téama don dán sin, dar leat. (6 mharc)

(ii) Déan cur síos, **i d'fhocail féin**, ar **dhá** íomhá (phictiúr) a chuireann an file os ár gcomhair sa dán seo. (10 marc)

(iii) An dóigh leat go bhfuil an teideal atá ar an dán seo oiriúnach? Cuir fáth **amháin** le do thuairim. (7 marc)

(iv) Ar thaitin an dán seo leat?
Cuir fáthanna le do fhreagra. (Is leor **dhá** fháth.) (10 marc)

<u>[Ní mór teideal an dáin sin, mar aon le hainm an fhile a chum, a scríobh síos go soiléir.]</u>
(2 mharc)

**<u>NÓ</u>**

(i) Maidir le dán **amháin** a chum **<u>bean</u>** (agus a ndearna tú staidéar air i rith do chúrsa), inis cad é an mothúchán is mó atá sa dán, dar leat. Cuir fáthanna le do fhreagra. (Is leor **dhá** fháth.)
(8 marc)

(ii) Roghnaigh **dhá** mheafar a úsáideann an file sa dán seo agus déan cur síos, **i d'fhocail féin**, ar an **dá** mheafar sin. (8 marc)

(iii) Scríobh nóta **gairid** faoi rud **amháin** sa dán seo a cheapann tú a bhí suimiúil (go maith).
(7 marc)

(iv) An maith leat an dán seo?
Cuir fáthanna le do fhreagra. (Is leor **dhá** fháth.) (10 marc)

<u>[Ní mór teideal an dáin sin, mar aon le hainm an fhile a chum, a scríobh síos go soiléir.]</u>
(2 mharc)

**(b)** Maidir leis na dánta eile (a ndearna tú staidéar orthu i rith do chúrsa) **<u>agus nár úsáid tú i gcuid (a) thuas</u>**, roghnaigh **dán amháin** díobh a chum **<u>fear</u>**, a bhfuil **ceann amháin** de na *mothúcháin* seo a leanas i gceist ann agus tabhair cuntas **gairid** ar a bhfuil sa dán faoin *mothúchán* sin atá roghnaithe agat.

| | | | |
|---|---|---|---|
| meas (nó dímheas) | déistin (míshásamh) | brón (nó trua) | |
| fearg (nó uafás) | díomá | éadóchas | (18 marc) |

<u>[Ní mór teideal an dáin sin, mar aon le hainm an fhile a chum, a scríobh síos go soiléir.]</u>
(2 mharc)

**<u>NÓ</u>**

Maidir leis na dánta eile (a ndearna tú staidéar orthu i rith do chúrsa) **<u>agus nár úsáid tú i gcuid (a) thuas</u>**, roghnaigh **dán amháin** díobh a chum **<u>fear</u>**, tabhair cuntas **gairid** ar phríomhsmaointe an dáin sin **<u>agus</u>** ar íomhá (phictiúr) **amháin** <u>nó</u> ar mheafar **amháin** sa dán sin a thaitin (<u>nó</u> nár thaitin) leat. (18 marc)

<u>[Ní mór teideal an dáin sin, mar aon le hainm an fhile a chum, a scríobh síos go soiléir.]</u>
(2 mharc)